Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5945

17.11.2025

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landesgericht Korneuburg (an Ostair) a taisceadh an 29 Lúnasa 2025 – A***** v B**** B******

**(Cás C-581/25, Schnettel [1])**

(C/2025/5945)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht Korneuburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* A*****

*Freagróir:* B**** B****

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Airteagal 3(3) agus mír 1(b) agus (c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/73/CE [2] le léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an soláthraí gáis fógra i scríbhinn maidir leis an bpraghas nua fuinnimh i ndiaidh coigeartú bliantúil ar phraghas bunaithe ar innéacs a thabhairt don chustaiméir deiridh, roimh theacht i bhfeidhm coigeartú praghais bliantúil atá bunaithe ar innéacs, i gcás inarb iad na fachtóirí seo atá i gceist don phraghas nua

[a] Praghas tomhaltais fuinnimh; arna ríomh de réir na foirmle:
$PT_{nua}$ [3] = $PT_{sean}$ [4] × PGO-12-Mhí-$Ø_{nua}$ [5] / PGO-12-Mhí-$Ø_{sean}$ [6]

[b] Bunphraghas fuinnimh; arna ríomh de réir na foirmle:
$BP_{nua}$ [7] = $BP_{sean}$ [8] × ($PI_{nua}$ [9] / $PI_{sean}$ [10]), [11]
agus, ina éagmais sin, nach bhfuil an soláthraí i dteideal praghas tomhaltais fuinnimh méadaithe?

---

(1) Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.
(2) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO 2009 L 211, lch. 94).
(3) Praghas tomhaltais fuinnimh (PT) don chéad 12 mhí eile (den chéad uair 12 mhí i ndiaidh thús an chonartha).
(4) Praghas tomhaltais fuinnimh don 12 mhí dheireanacha.
(5) Meánluach de na 12 luach ón bPraghasinnéacs gáis na hOstaire (PGO) arna bhfoilsiú go deireanach; ag críochnú leis an gcéad mhí sa ráithe ina ndearnadh an praghas a choigeartú.
(6) Meánluach na 12 luach PGO arna bhfoilsiú go deireanach, roimh na 12 luach PGO don tréimhse nua.
(7) Bunphraghas Fuinnimh (BP) don chéad 12 mhí eile (den chéad uair 12 mhí ó thús an chonartha).
(8) Bunphraghas fuinnimh don 12 mhí dheireanacha.
(9) An chéad luach arna fhoilsiú sa Phraghasinnéacs Tomaltóra (PT) sa ráithe roimh an ráithe ina ndéantar an coigeartú ar phraghas.
(10) Luach PT a foilsíodh 12 mhí roimh an luach PT $_{nua.}$
(11) Úsáidtear Praghasinnéacs Tomhaltóra na hOstaire 2015 ó Statistik Österreich (Staidrimh na hOstaire) arna fhoilsiú ag [www.statistik.at] mar PT.